

An Aimsir agus Saol an Duine.

Caithfidh mé a rá gur chuir teideal na haiste seo ag smaoineamh mé. Seo roinnt de mo chuid tuairimí i leith an ábhair seo. Tá an aimsir iontach tábhachtach i saol an duine sa lá atá inniu ann, agus bhí i gcónaí. De gnáth, ní fhaighimid aimsir mhaith in Éirinn. Is mór an trua é!

Le linn an gheimhridh bíonn an aimsir go olc, agus ní bhíonn cuid mhór daoine le feiceáil timpeall na háite. In amanna bíonn leac oighir ar na bóithre, agus gortaíonn daoine iad féin mar gheall ar an drochaimsir. Ní rud maith í an drochaimsir dona daoine gan dídeán ach an oiread. Cuireann sé brón orm go bhfaigheann daoine bás ar na sráideanna ag am Nollag.

Ach tá buntaistí ann a bhaineann le haimsir mhaith. Téann a lán daoine faoin tuath sa samhradh ar a laethanta saoire. Is féidir leo dul ag snámh sna locha nó san fharraige. Caitheann daoine cuid mhór ama amuigh faoin aer, agus bíonn spion maith ar achan duine. Déanann an ghrian maitheas dúinn uilig.

Tá tionchar mhór ag an aimsir ar shaol an fheirmeora, ar an drochuair. Déanann drochaimsir a lán damáiste d'obair an fheirmeora. Scriosann an iomarca fhearthainne na hearraí sna páirceanna, agus an mhóin chomh maith. Faigheann a lán béithigh bás ón fhuacht, agus cailleann an feirmeoir airgead.

Tarlaíonn an iomarca timpistí ar na bóithre in Éirinn i saol na linne seo. Scriosann an fhearthainn na bóithre, agus titeann crainn ar na bóithre ó am go ham. Ní bhíonn daoine cúramach go leor nuair a bhíonn siad ag tiomáint - go háirithe daoine óga.

Is fuath le gach duine drochaimsir, agus is aoibhinn le gach duine aimsir dheas. Ba mhaith liom bheith i mo chónaí i dtír éigin te ach é sin ráite, níl na daoine chomh cairdiúil thar sáile agus atá siad in Éirinn. "Is glas iad na cnoic i bhfad uainn"!